Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15299/17**

**ESPACE 60**
**COMPET 846**
**RECH 402**
**IND 358**
**TRANS 535**
**MI 912**
**ENER 493**
**ENV 1026**
**CSC 284**
**TELECOM 332**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 1 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14468/17 |
| Ábhar: | An Mheastóireacht Mheántéarma ar Chlár Copernicus'<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 01/12/2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis "An mheastóireacht mheántéarma ar chlár Copernicus", a ghlac an Chomhairle ag an 3480ú cruinniú dá cuid ar an 1 Nollaig 2017.

IARSCRÍBHINN

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**"An Mheastóireacht Mheántéarma ar Chlár Copernicus"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

AG MEABHRÚ DI:

– An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[1] lena mbunaítear inniúlacht roinnte an Aontais sa spás;

– An Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE)[2];

– Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2017 ina gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé Eoraip Dhigiteach a mbeidh ráth uirthi a fhorbairt[3];

– Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis Spáis don Eoraip[4] agus an comhráiteas maidir le fís choiteann agus cuspóirí coiteanna do thodhchaí na hEorpa sa spás[5], arna síniú ag an gCoimisiún ar an 26 Deireadh Fómhair 2016 thar ceann an Aontais agus ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa;

1 Go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 189 de
2 IO L 261 an 6.8.2004, lch. 64
3 EUCO 14/17
4 13758/16
5 12808/1/16 REV 1

– Conclúidí ón gComhairle maidir le "Beartas an Aontais Eorpaigh ón Tionscal Spáis - Leas a bhaint as an bhfás eacnamaíoch in earnáil an spáis" i mí na Bealtaine 2013[6], Conclúidí ón gComhairle maidir le "Taca a chur faoi athbheochan Eorpach an spáis: treoshuímh agus dúshláin amach anseo" i mí na Nollag 2014[7], Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála' i mí Dheireadh Fómhair 2016[8] agus Conclúidí ón gComhairle maidir le "Straitéis spáis don Eoraip" i mí na Bealtaine 2017[9];

– Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le Clár Copernicus a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 ón gComhairle agus go háirithe Airteagal 32 de[10].

***Réamhrá***

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar chlár Copernicus, AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn suntasach a baineadh amach maidir le cur chun feidhme an chláir ó 2014 i leith, a raibh de thoradh air gur eiseamláir iontach é Copernicus den chomhar Eorpach agus gurb é an clár um fhaire na Cruinne (EO) is cuimsithí dá bhfuil ann é, lena rannchuidítear le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ cuspóirí reatha Copernicus.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról lárnach ag Copernicus chun a áirithiú go mbeidh rochtain neamhspleách ag an Eoraip ar fhaisnéis gheospásúil straitéiseach, ar faisnéis í a thacaíonn le cuid mhaith beartas réigiúnach agus náisiúnta de chuid an Aontais, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur minic go mór fada faisnéis Copernicus á comhtháthú ag na húdaráis phoiblí san Eoraip agus ar fud an domhain freisin ina gcuid seirbhísí agus próiseas cinnteoireachta.

3. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur den bhuntábhacht bonneagar Copernicus éifeachtach, slán, atá dea-chomhtháite a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear deighleoga spáis agus talaimh, agus seirbhísí a fhorbairt, lena n-éabhlóid agus leanúnachas amach anseo a áirithiú, agus a bheith i ndlúth-theagmháil le húsáideoirí Copernicus chun tuiscint a fháil ar a gcuid riachtanas agus tosaíochtaí siúd, gan dochar don chéad CAI eile.

---

6 10295/13
7 16502/14
8 13202/16
9 9817/17
10 IO L 122, 24.4.2014, lgh. 44- 66

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé go gcuirfí ar fáil intuarthacht fhadtéarmach agus cinnteacht pleanála do gach geallsealbhóir Copernicus agus FÉACHANN SÍ LENA áirithiú go gcuirfear ar fáil an maoiniú iomchuí chun gach gné den chlár a choimeád is a fhorbairt, gan dochar don chéad CAI eile.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige sa tuarascáil ón gCoimisiún ina leantar slabhra luacha na sonraí de chuid Copernicus: óna mbailiú is a bpróiseáil chun sonraí agus faisnéis a roinnt, agus i ndáil le gníomhaíochtaí ag leibhéil an úsáideora agus an mhargaidh araon agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tógáil ar chur chuige den chineál sin nuair a mhúnlaítear todhchaí Copernicus amach anseo, chomh maith le gné sin an chláir atá faoi cheannas an úsáideora a mheas agus an acmhainn atá ann chun gné thráchtála an chláir a shaothrú ag an leibhéal FBM agus ag gach leibhéal eile sa slabhra luacha sin a mheas.

***Sonraí a bhailiú***

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gnéithe de chur chun feidhme Copernicus ar éirigh go han-mhaith leo is ea caighdeán, bainistiú, iontaofacht, leanúnachas, comhsheasmhacht agus toirt na sonraí agus na faisnéise sin agus CUIREANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le ráthaíocht i ndáil le leanúnachas fadtéarmach, slán ó thaobh sonraí a chur ar fáil go hiomlán, in aisce agus ar bhealach oscailte.

7. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh i struchtúr spáis Copernicus a imscaradh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar GSE satailítí Sentinel atá fós gan chríochnú a chríochnú agus a lainseáil in am trátha agus tús áite a thabhairt do lainseálaithe Eorpacha san obair sin; AITHNÍONN SÍ FREISIN gur tacaíodh le cuspóirí úsáideoirí agus sheirbhísí Copernicus trí bhonneagar spáis Copernicus agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH an tábhacht a bhaineann le bhonneagar éifeachtach inbhuanaithe, atá dírithe ar an spás, a chur ar fáil amach anseo agus lena soláthrófar sonraí a bheidh cruinn, iontaofa agus ar ardchaighdeán.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na gnéithe seo a chur san áireamh in éabhlóid an chórais agus i gcomhthéacs na misean reatha nó is faide anonn faoi chlár Sentinel chomh maith le sonraí a thagann ó mhisin rannchuidithe agus ó shonraí *in situ*: treochtaí úrnua, taighde, dul chun cinn teicneolaíoch agus fiontraíocht in earnáil Fhaire na Cruinne (EO), lena n-áirítear an dearcadh ar an "Spás Nua"; riachtanais agus seirbhísí na n-úsáideoirí amach anseo; infheistiú agus rannchuidiú na mBallstát san earnáil EO; dúshláin nua roimh an Aontas, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an fhorbairt inbhuanaithe agus slándáil aeráide, cé go bhfuil gnéithe tábhachtacha eile ann freisin.

9. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le sócmhainní spáis sna Ballstáit, in GSE, EUMETSAT agus in Eintitis Iontaobhaithe eile[11] agus a mhéadú agus an tairbhe is mó a bhaint astu agus sin a dhéanamh freisin sa tionsclaíocht agus i misin rannchuidithe agus sa chumas faireacháin *in situ*, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit múnlaí oibríochtúla agus gnó a scrúdú d'fhonn cur le cumas Copernicus agus chun foinsí na sonraí atá ag teastáil a neartú chun riachtanais na n-úsáideoirí a shásamh de réir mar a thagann athrú orthu.

***Próiseáil na sonraí agus na faisnéise***

10. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach sheirbhísí Copernicus agus lena bhforbairt feasta, ar de chroílár an chláir iad, chun riachtanais phoiblí na hearnála a shásamh agus chun na riachtanais Eorpacha a bhaineann le tiomantais idirnáisiúnta a shásamh freisin agus chun na deiseanna a bhaineann le saothrú tráchtála a mhéadú.

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gona Eintitis Iontaobhaithe dul i mbun oibre i ndlúthchomhar le pobail éagsúla ar fud na hEorpa d'fhonn seirbhísí Copernicus gona phunann táirgí a fhorbairt agus chun riachtanais bheartais agus phoiblí a bhaint amach de réir mar a athraíonn siad agus chun úsáid sonraí EO a mhéadú ar an mbonn sin.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sineirgí a scrúdú, más ann dóibh, idir Copernicus agus cláir eile an Aontais, agus sonraí agus seirbhísí Copernicus á gcur chun cinn, agus borradh a chur faoin éileamh ar sheirbhísí agus ar fheidhmeanna tráchtála eile, i gcás feidhmchláir chomhtháite, go háirithe Galileo agus EGNOS.

[11] Eintitis Iontaobhaithe dá dtagraítear in Alt 11 de Rialachán Uimh. 377/2014 (IO L 122 2.04.2014, lch. 56)

*Rochtain agus leithdháileadh na sonraí*

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil athrú ag teacht ar riachtanais na n-úsáideoirí, agus iarrann sí go gcuirfí ar fáil rochtain mhórscála inúsáidte ar phróiseáil agus ar shaothrú shonraí agus fhaisnéis Copernicus ar leibhéil éagsúla tráthúlachta; AITHNÍONN SÍ na teorainneacha atá ar bhonneagar na sonraí agus na faisnéise reatha agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil gá le cur chuige níos cuimsithí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon d'fhonn rochtain thapa agus éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis Copernicus a áirithiú agus chun comhtháthú na sonraí agus na faisnéise sin le foinsí sonraí agus faisnéise eile a dheimhniú freisin; sa chomhthéacs seo, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, éabhlóid an chláir a leanúint ar bhealach a bheidh ar aon dul leis na riachtanais sin.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le héiceachóras cuimsitheach EO a bhunú san Eoraip le feabhas a chur ar sholáthar na sonraí ó réimse leathan de shócmhainní Eorpacha agus lena áirithiú go mbeidh córas domhanda iomaíoch ann maidir le bainistiú sonraí. Sa chomhthéacs seo, TACAÍONN SÍ le tionscnamh an Choimisiúin chun DIAS (Seirbhísí Rochtana ar Shonraí agus ar Fhaisnéis Copernicus) a chur ar fáil chun rochtain thapa agus éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis Copernicus a áirithiú; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá a bhaineann le DIAS a chur chun tosaigh sna Ballstáit agus chun sineirgí a bhunú le sócmhainní na mBallstát d'fhonn úsáid shonraí agus fhaisnéis Copernicus a mhéadú agus a neartú sa mhargadh; BEARTAÍONN SÍ go mbeidh DIAS ar cheann de na pointí teagmhála lárnacha do na comhphobail agus do na húsáideoirí nach mbaineann leis an spás, go háirithe FBManna.

*Leibhéal na húsáide*

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh pé éabhlóid a dhéanfar feasta ar Copernicus bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí, go háirithe riachtanais na gcroí-úsáideoirí institiúideacha, agus go bhfanfadh sé ina phrionsabal ag Copernicus gur clár é a bheidh á stiúradh ag lucht a úsáide. AITHNÍONN SÍ go bhfuil pobail nua úsáide ann anois nach mbaineann le hearnáil an spáis, a dteastaíonn rochtain uathu ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar tháirgí ar shlí phras agus soláimhsithe don úsáideoir;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach leor sonraí a bheith ar fáil chun an tionchar socheacnamaíoch a bheartaítear dóibh a uasmhéadú; MEASANN SÍ, dá réir sin, gur den ríthábhacht go nglacfadh na Ballstáit agus an Coimisiún cur chuige níos stóinsí i dtaca leis an éileamh a bhíonn ag na córais riaracháin phoiblí – ós iad sin an lucht úsáide is mó – agus ag an earnáil phríobháideach (go háirithe FBManna) ar shonraí agus seirbhísí Copernicus a spreagadh. Ós amhlaidh atá, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit naisc níos dlúithe a bhunú idir Copernicus agus beartais an Aontais gona Bhallstáit chun an t-éileamh a bhíonn ar fheidhmchláir agus seirbhísí tráchtála a spreagadh, agus chun a chur ar chumas gnólachtaí, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, feidhmchláir a fhorbairt atá bunaithe ar shonraí agus faisnéis ó Copernicus agus a mbeidh d'aidhm acu éiceachóras Eorpach a fhorbairt ar bhonn domhanda do shonraí Fhaire na Cruinne (EO).

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir creatchlár taighde an Aontais agus cláir spáis an Aontais, go háirithe i dtaca le forbairt a dhéanamh ar phríomhsheirbhísí agus ar fheidhmchláir agus seirbhísí iartheachtacha.

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an fothú spriocdhírithe acmhainne agus na bearta for-rochtana a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún, lena n-áirítear – cé nach taobh leo seo amháin atáthar – an Creatchomhaontú Comhpháirtíochta nua (FPA)[12], chun cumas gach Ballstáit a mhéadú i dtaca le tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna atá cruthaithe ag Copernicus agus chun earnáil iartheachtach iomaíoch a spreagadh, lena n-áirítear córais riaracháin phoiblí, pobal an taighde, agus gníomhaithe príobháideacha.

***Conclúidí***

19. CUIREANN SÍ an méid seo a leanas I bhFIOS: murach gur cuireadh chun feidhme go héifeachtúil an beartas atá ag Copernicus maidir le sonraí saora iomlána oscailte, ní spreagfaí an t-éileamh láidir atá ar shonraí agus faisnéis Copernicus agus ní bheadh sé ar cheann de na soláthraithe sonraí EO is mó ar domhan. Ós amhlaidh atá, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí lena n-áiritheofaí go mbeadh an buntáiste is fearr le fáil ag gníomhaithe Eorpacha as infheistíochtaí Eorpacha in Copernicus ach nach sárófaí an beartas maidir le sonraí saora iomlána oscailte; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag cur chun feidhme an bheartais maidir le sonraí saora iomlána oscailte.

20. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór aghaidh a thabhairt in am agus i gceart ar dhearadh agus cur chun feidhme an chéad ghlúin eile de bhonneagar agus seirbhísí Copernicus, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le ESA, le EUMETSAT agus leis na hEintitis Iontaobhaithe eile.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur mórdhúshlán agus tosaíocht ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún as seo go ceann roinnt blianta poitéinseal socheacnamaíoch chlár Copernicus a thabhairt i gcrích.

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le níos mó gníomhaíochtaí lena méadófaí an chumarsáid agus an fheasacht i dtaca le clár Copernicus ina measc siúd nach mbaineann le hearnáil an spáis, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus lena ndíreofar ar a raibh de rath go dtí seo ar an gclár agus ar a bhféadfadh a bheith de bhuntáistí le baint as feasta.

23. ATHDHEARBHAÍONN SÍ i dtaca le leanúnachas an bhonneagair atá ag Copernicus agus le hinbhuanaitheacht a chuid seirbhísí, sonraí, agus faisnéise – arna gcomhlánú ar bhonn dea-chomhtháite ag foinsí eile sonraí agus faisnéise – nach féidir déanamh d'uireasa an mhéid sin má tá rath le bheith ar an gclár go fadtréimhseach agus má táthar leis an éiceachóras nuathionscanta do shonraí EO a inbhuanú san Eoraip.

---

**12** Sásra fadtéarmach comhair idir an Coimisiún agus na heintitis sna Ballstáit chun forbairt agus úsáid seirbhísí agus feidhmchláir atá bunaithe ar EO a chur chun cinn agus a chómhaoiniú

24. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá Copernicus i dtaca le seirbhísí poiblí a sholáthar; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh maoiniú iomchuí, mar aon le dreasachtaí rannpháirtíochta don earnáil phríobháideach, breisluach Eorpach chlár Copernicus a chaomhnú agus a fhorbairt a thuilleadh; MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na gníomhaithe eile a bhfuil lámh acu sa scéal féachaint ar bhealaí nuálacha maoiniúcháin agus ar mhúnlaí nua comhpháirtíochta don mhaoiniú, amhail úsáid níos cliste a bhaint as cumhacht ceannaithe na n-údarás poiblí chun margadh ar mórscála a chruthú d'fheidhmchláir.

25. AITHNÍONN SÍ gur dua domhanda is dual do dhúshlán domhanda; CUIREANN SÍ I dTREIS, dá bhrí sin, an tábhacht atá leis na croí-chomhpháirtithe idirnáisiúnta i dtaca le comhthiomsú a dhéanamh ar na hacmhainní arb ann dóibh chun tabhairt faoi na dúshláin sin ar bhonn comhordaithe; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag Copernicus de thaca le gealltanas na hEorpa a cuid dúshlán domhanda a ghleic, mar aon leis an deis gan diongbháil a thugann sé di a bheith ar cheann an róid sa mhargadh mearfhásmhar EO, agus ós amhlaidh atá, gur uirlis éifeachtúil é Copernicus ag an Eoraip chun an comhar a chothú le tíortha atá lasmuigh den Aontas.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a bheith i bhfúr don éabhlóid sin agus fís fhadtréimhseach a chur ar fáil dá bhfuil i ndán do chlár Copernicus, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le ESA, agus leis na hEintitis Iontaobhaithe, d'fhonn go mbeadh leanúnachas, infheictheacht fheabhsaithe, agus intuarthacht ann i measc na ngníomhaithe a bhfuil lámh acu in Copernicus, ionas gur fearrde a rannchuidiú i dtaca le haeráid dhearfach intuartha infheistíochta a chruthú sna hearnálacha iartheachtacha agus réamhtheachtach araon; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá leis an idirphlé struchtúrtha i measc na ngeallsealbhóirí tionsclaíocha agus sa tsochaí shibhialta ionas gur féidir níos mó den infheictheacht a thabhairt d'éabhlóid an chláir.

27. IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chun feidhme rathúil an struchtúir reatha rialála a d'eascair as an gcomhar rathúil leis na Ballstáit, le GSE, agus leis na hEintitis Iontaobhaithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar shineirgí féideartha oibríochtúla le cláir agus le beartais eile de chuid an Aontais, mar is iomchuí.

28. AITHNÍONN SÍ nach mór forbairt a dhéanamh ar an ngné chosanta shibhialtach atá ag Copernicus mar fhreagairt ar riachtanais shíorathraitheacha na n-úsáideoirí agus IS DÍOL BÉIME AICI go bhfanfadh Copernicus ina chlár sibhialtach, faoi rialáil agus smacht sibhialtach, arna stiúradh ag lucht a úsáide.